**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 7

# Oifig an Aire Airgeadais

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair.

Dlitear barrachas €9.31 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

**Stoc agus sócmhainní caipitiúla**

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) a gcuid stoc agus, go ginearálta, úsáid sócmhainní caipitiúla.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachas ar stoic inchaite TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le Cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 agus leithdháiltear iad ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitiúla. Leithdháiltear úsáid de shócmhainní caipitiúla ar bhonn an líon foirne freisin. Suas le 31 Nollaig 2010, taifeadadh na sócmhainní caipitiúla uile ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann an clár sócmhainní láthair an aonaid ghnó ag baint úsáide as an sócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd á n-aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar sócmhainní i ndáil le troscán agus feistis agus trealamh oifige a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní i ndáil le trealamh TF a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. In ainneoin na nithe anseo thuas, cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sócmhainní ar leith i 2012, 2013 agus i 2014 dá húsáid eisiatach féin agus níl an dímheas ina leith seo cionroinnte.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí atá ann idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Roinn seo.

Is é seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistithe agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta

- Cintíonn an Roinn Airgeadais go mbíonn fócas mar is cuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm chun géilliúlacht a chinntiú leis na treoirlínte ábhartha go léir. I dtaca leis na conarthaí ar pléadh leo faoi na gnáthaimh atá leagtha amach i gCiorclán 40/2002, níor chloígh seacht gconradh go hiomlán le riachtanais na ngnáthamh céanna. Rinneadh €405,415 ina iomláine mar íocaíochtaí faoi na conarthaí sin i 2014. Tuairscíodh sonraí maidir leis na seacht chonradh a bhaineann le hábhar don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir Chiorclán 40/2002. Tá céimeanna á nglacadh ag an Roinn, nuair is féidir, chun an socrú sin a cheartú i 2015.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Níl aon rioscaí suntasacha airgeadais ann don Vóta.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Derek Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Airgeadais

26 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Lúnasa 2015

# Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Beartas an Aontais Eorpaigh agus Beartas Idirnáisiúnta | 3,707 | 2,834 | 3,464 |
| B | Polasaí na Seirbhísí Airgeadais | 11,175 | 6,813 | 9,648 |
| C | Beartas Fioscach | 4,212 | 3,580 | 3,661 |
| D | Beartas Geilleagrach | 2,513 | 1,737 | 1,913 |
| E | Soláthar Seirbhísí Comhroinnte | 11,093 | 9,179 | 8,655 |
| | **Ollchaiteachas** | **32,700** | **24,143** | **27,341** |
| | *Asbhain* | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,500** | **2,248** | **2,732** |
| | **Glanchaiteachas** | **31,200** | **21,895** | **24,609** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 9,305,117 | 8,577,861 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 19,225 | 17,563 | 18,151 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 541 | 613 | 445 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 847 | 780 | 726 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 549 | 488 | 457 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,468 | 1,003 | 1,222 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 649 | 374 | 394 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 112 | 56 | — |
| *viii* | *Uachtaránacht an AE* | — | — | *1,719* |
| | | 23,391 | 20,877 | 23,114 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 3,266 | 4,226 |
| Pá | | 17,563 | 19,164 |
| Neamhphá | | 3,314 | 3,951 |
| **Ollchaiteachas** | | **24,143** | **27,341** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2,248** | **2,732** |
| **Glanchaiteachas** | | **21,895** | **24,609** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (574) | | |
| Dímheas | 459 | | |
| | | (115) | 295 |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (39) | | |
| Laghdú ar stoc | 9 | | |
| | | (30) | 239 |
| **Caiteachas díreach** | | **21,750** | **25,143** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 10,900 | 9,249 |
| Meas-chíosanna | | 1,746 | 1,511 |
| **Costas glan clár** | | **34,396** | **35,903** |

#### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 7 a tabhaíodh in áit eile, glanchostais na seirbhísí roinnte a cionroinneadh ar Vótaí eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne | m | — | — |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 11,243 | 9,939 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 294 | 367 |
| Vóta 18 Seirbhísí Roinnte | m | 14 | — |
| Lárchiste - pinsin na nAirí | m | 223 | 244 |
| | | 11,774 | 10,550 |
| Costas cionroinnte tacaíochta roinnte párolla agus cuntasaíochta do Vótaí eile | | (874) | (1,301) |
| | | **10,900** | **9,249** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **611** | **874** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 269 | 183 |
| Stoic | 2.4 | 14 | 23 |
| Réamhíocaíochtaí | | 364 | 321 |
| Ioncam fabhraithe | | 29 | 59 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 462 | 282 |
| Cuntas bainc seirbhísí roinnte párolla | 2.8 | — | 1,618 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,138** | **2,486** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 236 | 262 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 628 | 614 |
| Seirbhísí Roinnte Párolla | 2.8 | — | 1,618 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 103 | (149) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **967** | **2,345** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **171** | **141** |
| **Glansócmhainní** | | **782** | **1,015** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **782** | **1,015** |

| **2.1 Cuntas um Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2014 €000** | **2013 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,015 | 1,523 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 31,200 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (9,305) | | |
| Vóta glan | | | 21,895 | 24,609 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 10,900 | 9,249 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna[a] | | | (544) | (78) |
| Míreanna Neamhairgid – Sócmhainní Caipitiúla [a] | | | 166 | 104 |
| Míreanna Neamhairgid – Dímheas | 1 | | 1,746 | 1,511 |
| Costas glan clár | 1 | | (34,396) | (35,903) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **782** | **1,015** |

[a] Ag eascairt ón mbeartas cionranna le haghaidh sócmhainní arna roinnt ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní mheaitseálann na figiúirí sealbhaithe/dímheasa sa chlár comhordaithe leo siúd a léirítear sa Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin.

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní Caipitil** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 218 | 5,378 | 2,393 | 7,989 |
| Breiseanna | 4 | 26 | — | 30 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 222 | 5,404 | 2,393 | 8,019 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | 87 | 4,685 | 2,343 | 7,115 |
| Dímheas don bhliain | 45 | 218 | 30 | 293 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2014 | 132 | 4,903 | 2,373 | 7,408 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **90** | **501** | **20** | **611** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **131** | **693** | **50** | **874** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 258 | 183 |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála | 11 | — |
| | 269 | 183 |

| **2.4 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 9 | 12 |
| Ábhair inchaite TF | 5 | 11 |
| | 14 | 23 |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 28 | 54 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | — | 85 |
| Óinchistí taistil | 3 | — |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 97 | 92 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 8 | 43 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 326 | 8 |
| | 462 | 282 |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 203 | 217 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 111 | 112 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 95 | 94 |
| Cáin Bhreisluacha | 5 | 1 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 42 | 37 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | 1 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 66 | 72 |
| | 523 | 534 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 73 | 76 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 11 | 4 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 21 | — |
| | 628 | 614 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 9,305 | 8,578 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (9,202) | (8,727) |
| Glandliteanas don Státchiste | 103 | (149) |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 269 | 183 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 462 | 282 |
| | 731 | 465 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (523) | (534) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (105) | (80) |
| | (628) | (614) |
| | | |
| | 103 | (149) |

**2.8 Seirbhísí Comhroinnte Párolla**

Suas go dtí an 31 Lúnasa 2014, sholáthair an Roinn Airgeadais feidhm seirbhíse comhroinnte párolla do roinnt ranna/oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Rialtais. Bhain iarmhéid an chuntais sin sa bhliain 2013 le hairgead a thaisc na cliantoifigí sin sa chuntas chun maoiniú do thuarastail a chuimsiú thar thréimhse na Bliana Úire.

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 53 | 104 |

| **2.10 Dliteanais Aibithe** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 4 | — |

# 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Beartas an Aontais Eorpaigh agus Beartas Idirnáisiúnta** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 2,555 | 2,245 | 2,837 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 432 | 392 | 555 |
| A.3 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 720 | 197 | 72 |
| | | 3,707 | 2,834 | 3,464 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €873,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 523 | Tháinig coigilteas chun cinn toisc gur bhain formhór na gcostas ar an gClár um Shannaithe Idirnáisiúnta le párolla, beag beann ar an bhfíric gur soláthraíodh an buiséad faoin bhfo-mhírcheann comhairleoireachta, agus toisc gur maoiníodh roinnt socrúchán go seachtrach.<br><br>D'eascair difríochtaí níos lú in A.1 agus in A.2 araon mar gheall ar chásanna dul ar scor nach rabhthas ag súil leo. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Beartas Seirbhísí Airgeadais** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 3,969 | 4,045 | 5,178 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 642 | 559 | 903 |
| B.3 | Coistí agus coimisiúin | 20 | — | 18 |
| B.4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 6,544 | 2,209 | 3,549 |
| | | 11,175 | 6,813 | 9,648 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €4.4 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Coistí agus coimisiúin | 20 | Níor ceapadh an Coiste Comhairleach nua um Chomhar Creidmheasa ach amháin ag deireadh na bliana 2014. Mar sin, níor tháinig na costais lena rabhthas ag súil ina leith sin chun cinn. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 4,335 | Is é cineál an fho-mhírchinn seo nach féidir na saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn, ná an caiteachas a bheidh ag gabháil leo, a thuar go cinnte. D'eascair an coigilteas mar seo a leanas:<br><br>Aonad Bainistíochta Scairshealbhóireachta – d'eascaire coigilteas de thart ar €2.7 milliún as an mbuiséad do ghníomhaíocht dlíthíochta agus idirbheartaíochta.<br><br>An Plean Náisiúnta Íocaíochtaí (PNÍ)/ FBManna/Tionscnaimh mhorgáiste – baineadh coigilteas amach de bharr moilleanna ar roinnt tionscadal faoin bplean a chur ar aghaidh agus de bharr gur cuireadh obair áirithe i gcrích go hinmheánach. Mar thoradh air sin, beidh caiteachas áirithe ann ar an bPlean Náisiúnta Íocaíochtaí i leith na dtionscadal sin sa bhliain 2015.<br><br>An tAcht um Chomhdhlúthú an Bhainc Cheannais – bhí moill ann ar an tairiscint a chur ar aghaidh. Baineadh amach coigilteas de thart ar €0.25 milliún sa réimse sin. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Beartas Fioscach** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 2,855 | 2,685 | 2,887 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 452 | 211 | 289 |
| C.3 | Coistí agus coimisiúin | 330 | 289 | 324 |
| C.4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 575 | 395 | 161 |
| | | 4,212 | 3,580 | 3,661 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár C €632,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 241 | B'ísle i bhfad an taisteal a bhí ag teastáil ná é sin a ndearnadh buiséadú dó ar dtús de bharr cruinnithe a cuireadh ar ceal agus sceidealú ní ba theoranta. Bhí costais chóiríochta ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leo freisin. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 180 | Bhí costais chomhairleoireachta a bhain le hathbhreithnithe ar Chánacha Caipitil/Agracháin agus le hathbhreithnithe eile ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leo, agus gnéithe suntasacha den obair sin déanta go hinmheánach. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Beartas Geilleagrach** | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | 1,672 | 1,463 | 1,261 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 211 | 204 | 551 |
| D.3 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 630 | 70 | 101 |
| | | 2,513 | 1,737 | 1,913 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár D €776,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 560 | Níor baineadh leas as an mbuiséad €350,000 don Tionscnamh Pleanála Geilleagraí/Straitéis Gheilleagrach Mheántéarmach sa bhliain 2014. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **E** | **Soláthar Seirbhísí Comhroinnte** | | | |
| E.1 | Riarachán – pá | 8,174 | 7,126 | 7,001 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 2,429 | 1,948 | 1,653 |
| E.3 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 490 | 105 | 1 |
| | | 11,093 | 9,179 | 8,655 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár E €1.91 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 1,048 | Tháinig coigilteas chun cinn mar nár líonadh roinnt folúntas agus mar gur aistríodh foireann párolla go dtí an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla i mí na Nollag. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 385 | Tá fochaiteachas ann ar an gclár seo mar gheall ar mhoilleanna ar thionscadal an Mheasúnaithe Trédhearcachta Fioscaí a chur chun feidhme agus mar gheall ar chaiteachas ar an tionscadal Bunathraithe a bheith ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Táthar ag leanúint leis an obair sin in 2015. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Forchúiteamh costas áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | 500 | 1,123 | 1,364 |
| 2 | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 950 | 1,016 | 1,148 |
| 3 | Ilghnéitheach | 50 | 109 | 95 |
| 4 | Tacaíocht an Bhainc Ceannais do ECOFIN. | — | — | 125 |
| | **Total** | **1,500** | **2,248** | **2,732** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná an tsuim mheasta €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Forchúiteamh costas áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | (623) | Tháinig aisghabhálacha méadaithe chun cinn maidir le costais a bhain leis an earnáil baincéireachta a chobhsú (athchaipitliú Permanent TSB go háirithe). Ní dhearnadh buiséadú dóibh sin toisc nach bhféadfaí uainiú ná méid na n-aisghabhálacha a thuar nuair a bhí na mheastacháin á n-ullmhú. |
| Ilghnéitheach | (59) | De réir a gcineáil, tá sé deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar. Ceann de na príomhchúiseanna leis an difríocht sin ba ea aisghabháil a bhain le brandáil Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ). |

**4.2 Fáltais Bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Liúntais diem per – CAI agus Banc Domhanda | 8 | 2 |
| Tuarastal ar ais ón iar-oifigeach na Roinne | 3 | 1 |
| Asbhaintí Párolla roimh 2005 (aisíochta ag cuideachta árachais saoil) | — | 6 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (11) | (9) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 289 | 308 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá[a] | 16,084 | 17,492 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 112 | 93 |
| Liúntais eile | 156 | 132 |
| Ragobair | 159 | 342 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,052 | 1,105 |
| **Pá iomlán** | **17,563** | **19,164** |

[a] Dáiltear an figiúr iomlán pá i measc fho-cheannteidil A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1 agus cuimsíonn sé ró-íocaíochtaí tuarastail ar luach €16,553, ró-íocaíochtaí a bhfuiltear i mbun a n-aisghabhála agus a d'eascair as moill riaracháin.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 33 | 3 | 20,613 | 11,937 |
| Liúntais eile | 53 | 3 | 45,090 | 63,746 |
| Ragobair | 51 | 6 | 22,548 | 24,033 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile**

Rinneadh beirt státseirbhíseach ar scor a raibh pinsean státseirbhíse á fháil acu a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €39,677. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh comhsheasmhach le prionsabail Acht na bPinsean (Laghdú) 1965.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €143,197 i ndáil le triúr oifigeach a bhí ag obair lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2014 ar fad, nó ar feadh cuid di, agus ar íoc an Roinn a gcuid tuarastal.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Feidhmeanna an Chórais Bhaincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) uimh. 115 ó 2010. Rinneadh an tarmligean seo a aisghairm le feidhm ó 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. uimh. 395 ó 2011 agus ó shin i leith tá aonad baincéireachta GBCN ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais. Faoi threoir an Aire, bíonn freastal á dhéanamh i gcónaí ag an GBCN ar chostais an aonaid, costais a chuimsíonn costais fhoirne agus costais chomhairleachta áirithe.

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa[a] | 1967 | — | 18 |
| Bord Achomharc um Thiománaithe Míchumasaithe[b] | 1989 | 289 | 324 |
| | | 289 | 342 |

[a] Is í feidhm reachtúil an Choiste (faoi Alt 180 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997) ná comhairle a thabhairt don Aire Airgeadais agus daoine eile a measann an tAire gur chóir comhairle a thabhairt dóibh i dtaca le:

- feabhas a chur ar bhainistíocht na gcomhar creidmheasa;
- cosaint an leasa comhaltaí agus creidiúnaithe chomhair chreidmheasa; agus
- nithe eile a bhaineann le comhair chreidmheasa a n-iarrfaidh an tAire, an Banc Ceannais nó cibé daoine eile a shonróidh an tAire, ó am go ham a lorg ar mhodh comhairle ón gCoiste.

Roimh 2005, íocadh costais tríd an Vóta d'Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta.

[b] Gníomhaíonn Bord Míochaine Achomharc na dTiománaithe faoi Mhíchumas mar chomhlachas achomhairc do na hiarrthóirí sin ar diúltaíodh teastas míochaine príomhúla dóibh ag oifigeach sinsearach míochaine i dtaca le Scéim na dTiománaithe faoi Mhíchumas agus na bPaisinéirí faoi Mhíchumas (Lámhaltais Chánach).

Bunaíodh an Bord i 1989; roimh 2005 íocadh a chuid costas tríd an Vóta Sláinte.

**6.3 Íocaíochtaí Eile**

Tá dlíthíocht ar bun maidir le Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc. (CÉRB) agus Permanent TSB (PTSB). Tá na caingne sin á gcosaint faoi láthair agus, ar an mbonn sin, ní dhearnadh aon mheastachán ar an dliteanas féideartha lena mbaineann.

Soláthraíodh cosaintí tríú páirtí áirithe (i bhfoirm barántaí agus slánaíochtaí) i dtaca le díol Irish Life Limited, diúscairt nótaí caipitil theagmhasaigh Bhanc na hÉireann, diúscairt na scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann agus leachtú na CÉRB.

**6.4 Nithe díscríofa**

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i 2014 muirear €83,751 a ghearradh ar an Vóta i leith iarmhéid cuntas fionraí stairiúil.

| **6.5 Costais Dlí** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Seo a leanas na costais dlí a íocadh i rith na bliana de réir catagóire: | | |
| Costais Chúitimh | 600 | 458 |